Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0258

Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas agus Maracó lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Mharacó sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA): leasú agus forlíonadh

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Iúil 2026 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, i bhfoirm malartú litreacha, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó, lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht Mharacó sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) (05480/2026 – C10-0092/2026 – 2025/0387(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Dréachtchinneadh ón gComhairle (05480/2026),

– ag féachaint don Chomhaontú, i bhfoirm malartú litreacha, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leasaítear agus lena bhforlíontar an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó, lena leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht Mharacó sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) (05481/2026),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 186 agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0092/2026),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá

Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A10-0151/2026),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig rialtas agus parlaimint Ríocht Mharacó.